



# TEASTAS IARCHÉIME FIONTRAÍOCHT CHRUTHAITHEACH & FORBAIRT FIONTAIR LEIBHÉAL 9 (30 ECTS)

Eanáir - Aibreán 2022

Spríodhata Iarratais: 10 Nollaig 2021

LE CRUTHAITHEOIRÍ, DO CHRUTHAITHEOIRÍ



# CREW LAB

Faigh amach \ Tosaigh \ Ceangail

Clár fiontraíochta chruthaitheach ardfháis nuathionscanta chun an chéad ghlúin eile d'Fhiontraithe Digiteacha Cruthaitheacha dinimiciúla a spreagadh agus a mhealladh.

Cuideoidh clár goir CREW LAB smaoineamh cruthaitheach a aistriú ina ghnó inbhuanaithe i ndisciplíní éagsúla (Teilifís & Scannán, Léiriú Fíorúil, Cluichí, Beochan, Forbairt Ábhar, Na hEalaíona Digiteacha, Teicneolaíochtaí Tumthacha, Dearadh Digiteach, Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha & go leor eile).

Déanfaidh an clár constaicí sa réimse nuathionscanta a bhriseadh síos ach béarlagair na fiontraíochta a shoiléiriú; agus trealamh uirlisí agus próisis a roinnt chun cumhacht a thabhairt do chruthaitheoirí freagairt d'athrú tapa agus athléimneacht a chothú.

Tríd an bpróiseas seo spreagfar Tástáil. Atriall. Oiriúnú. Tógfaidh tú do chuideachta agus eolas agat ar fhíor-riachtanais an mhargaidh, bunaithe ar aiseolas agus ar thaighde domhain.

## CÉ

- \ Fiontraithe Digiteacha Cruthaitheacha a bhfuil smaoineamh acu atáthar ag tástáil go gníomhach sa mhargadh
- \ Gnólachtaí nuathionscanta atá ag teacht isteach sa mhargadh
- \ Mic léinn ag pleanáil cuideachta
- \ Féadfaidh iarratasóirí ó áit ar bith in Éirinn iarratas a dhéanamh ach d'fhéadfaí tosaíocht a thabhairt dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu feadh Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh agus réigiún an iarthair

## CÉARD

- \ Clár foghlama cumaiscthe ar bhonn páirtaimseartha thar 12 seachtaine
- \ Meantóireacht aonair - ag teacht le riachtanais aonair
- \ Líonrú - píarfhoghlaim - tógáil pobail
- \ Cóiríocht do mhoil - spás goir

## CÉN FÁTH

- \ Cuidiú le borradh a chur faoin bpróiseas nuathionscanta
- \ Deiseanna a shainnaint sa mhargadh
- \ Múnla gnó a fhorbairt agus a chur i láthair
- \ Do líonra a leathnú

## TORTHAÍ

Ag deireadh an chláir, beidh na rudaí seo a leanas ag gach rannpháirtí rathúil:

- \ Gnólacht nuathionscanta inmharthana seolta (céim MVP)
- \ Cur i láthair ghairmiúil déanta os comhair éiceachóras d'infheisteoirí ionchasacha, comhpháirtithe agus piaraí sa tionscal cruthaitheach
- \ Scileanna fiontraíochta agus forbairt meoin
- \ Líonra feabhsaithe agus caipiteal sóisialta
- \ Muintín níos fearr, spreagadh chun oibre, solúbthacht, toilteanas foghlama agus meon aigne i leith oibre
- \ Réitigh inmharthana a forbraíodh le haghaidh riachtanais an saol dáiríre
- \ Pobal cleachtais beoga sa spás cruthaitheach digiteach

## ÁBHAR AN CHÚRSA

Tá 3 mhodúl sa chúrsa páirtaimseartha seo, le 30 ECTS san iomlán a sheachadfar thar thréimhse 4 mhí ag tosú i mí Eanáir 2022

### Modúl 1: Idéú Cruthaitheach

- \ Cleachtóirí cruthaitheacha mar fhiontraithe
- \ Smaointeoireacht Dearaidh
- \ Cruthaitheacht & Nuálaíocht - Smaointe nuálacha a fhorbairt
- \ Smaointeoireacht Chriticiúil & Réiteach Fadhbanna
- \ Cruthú Luach & Tairiscint Luach
- \ Múnla Gnó

### Modúl 2: Straitéis Mhargaíochta

- \ Straitéis Mhargaíochta - Feistiú an Mhargaidh Táirgí - Méid an mhargaidh
- \ Luach Custaiméirí - Straitéis Fála - Turas
- \ Scéalaíocht
- \ IP a bhainistiú - luach do chruthaitheachta a nochtadh
- \ Cur i Láthair & Díolacháin
- \ Iontráil sa Mhargadh

### Modúl 3: Fiontar Cruthaitheach a phleanáil

- \ Forbairt plean gnó bunaithe ar thionscadal
- \ Múnlaí gnó le haghaidh na tionscail chruthaitheacha
- \ Forbairt Ceannaireachta
- \ Roghanna Buiséadaithe & Maoinithe
- \ Rialachas Corparáideach
- \ Scéalaíocht – Ag cur na ceiste – Cur i Láthair

## RIACHTANAIS IONTRÁLA

Beidh an teastas iarchéime oscailte dóibh siúd a bhfuil na nithe seo a leanas acu:

- \ Céim onóracha Leibhéal 8 (nó a chomhionann)
- \ Beidh feidhm ag Aitheantas Réamhfhoghlama (ARF) in imthosca áirithe.
- \ Cúlra nó spéis sna Tionscail Dhigiteacha Chruthaitheacha
- \ Foirm léirithe leasa comhlánaithe



DÉAN IARRATAS ANOIS  
[www.crewdigital.ie](http://www.crewdigital.ie)

Tabhair faoi deara: Tá líon na n-áiteanna teoranta agus mar sin moltar léiriú spéise a sheoladh tríd an suíomh idirlín a luaithe agus is féidir.

## CÉN FÁTH A ROGHNÓFÁ AN CLÁR GOIR SEO?

Déan gnó rathúil de do ghnólacht nuathionscanta cruthaitheach.

Tá an clár seo oiriúnach d'fhiontraithe atá ag tógáil gnólachtaí i réimsí nuálaíochta agus cruthaitheacha le na n-áirítear Teilifís & Scannán, Léiriú Fíorúil, Cluichí, Beochan, Forbairt Ábhar, Na hEalaíona Digiteacha, Teicneolaíochtaí Tumthacha, Dearadh Digiteach, Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha & go leor eile.

Cuirfidh sé eolas agus léargas riachtanach ar fáil d'fhiontraithe maidir le bealaí i dtreo fás agus inbhuanaitheacht gnó agus tabharfaidh sé treoir dóibh siúd a bhfuil fíс chruthaitheach acu chun go n-éireoidh leo.

Ina theannta sin, beidh deiseanna ann go rialta chun labhairt le fiontraithe, daoine cruthaitheacha agus meantóirí a thabharfaidh ionchur cuiditheach duit maidir le do ghnó.

Dhá sheisiún teagaisc in aghaidh na seachtaine. Gníomhaíochtaí pobail agus líonraithe ar leith. Meantóireacht ghairmiúil, duine le duine ar an tionscadal.

Déan teagmháil linn le haghaidh sonraí breise

[www.crewdigital.ie](http://www.crewdigital.ie)

[hello@crewdigital.ie](mailto:hello@crewdigital.ie)

Fiontar Cruthaitheach an Iarthair,  
Cluain Mhuire, Gaillimh H91 DY9Y